POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

3 Aibreán 2020

A chara,

Ba mhaith liom an deis seo a thógaint chun comhghairdeachas a ghabháil le pobal na scoile ar fad. Seo am inár saol nach bhfacathas riamh roimhe seo agus comhghairdeachas le daltaí, tuismitheoirí agus an fhoireann ar fad as a gcuid misnigh, a gcuid cruthaitheachta, a gcuid díograis agus iad ag treabhadh leo san oideachas le trí seachtaine anuas. Tá spiorad na scoile ríshoiléir. Braithimid ar fad uainn an scoil agus táimid uaigneach i ndiaidh a chéile, ach le cúnamh Dé beimid thar n-ais sa Phobalscoil arís go luath. Tagaimid ar fad le chéile in am an ghátair sa scoil seo – sin é an mianach atá ionainn agus faoi mar a deir ár mana “Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.”
Tá sé tábhachtach a thuiscint leis go bhfuil sos tuillte ag gach éinne ón gcianfhoghlaim le linn tréimhse na Cásca. Cuirfidh an sos seo ar ár gcumas anáil a tharraingt agus a bheith ullamh chun scaoileadh faoi arís tar éis na Cásca -pé acu más thar n-ais sa Phobalscoil a bheimid, nó ag foghlaim ón mbaile arís. Pé ní atá romhainn sna seachtainí amach anseo, mar thír agus mar phobal scoile, déanfaimid an bheart le chéile (ach fanacht amach óna chéile).
Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl daoibh agus Cáisc fén dtor a ghuíochtaint oraibh.
Idir an dá linn, bígí slán agus fanaigí i dteagmháil.

*I would like to take this opportunity to congratulate everyone in the school community. This extends to students, parents and all of the staff for showing defiance, creativity and determination to continue with the provision of education over the last three weeks in these historically unprecedented times. The spirit of the entire school community has been plainly evident. We all miss school and we all miss each other but hopefully we will be back in the Pobalscoil presently. Our identity in Pobalscoil Chorca Dhuibhne has always been defined by that ability to really pull together in times of challenge and as our motto says “Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.”*
*It is important to realise that everyone deserves and needs a break from the intensity of remote learning over the Easter period. This will allow us all to recharge and to get ready to resume after Easter, whether that is back in the Pobalscoil or for another period of remote learning. Whatever we are faced with in the coming weeks as a country and as a school community we will navigate our way through it once we stick together (by staying apart).*
*In the meantime take care, stay safe and stay in contact.*

Le mór bhuíochas,

Éamonn Mac Muiris